www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2015

# Irish

## Unit 3: Listening

## Higher Tier

**[GIR32]**

**MONDAY 8 JUNE, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

Each piece heard twice unless otherwise stated on transcript

Audio "beep" to precede each question

Questions 1 – 4 insert 7 and 12 second pauses

Questions 5 – 9 insert 9 and 12 second pauses

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2015
Irish, Unit 3, Listening, Higher Tier

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

*Pause 5 minutes*

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

In this section you will hear a number of pieces of Irish, You should listen to these very carefully as you will hear questions 1 to 9 only twice. Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper.

1 Aoife and Cormac plan a trip.

*M* – A Aoife, chuala mé go bhfuil tú ag dul chuig cluiche rugbaí sa chomórtas mór i Meán Fómhair.

*F* – Fuair m'athair ticéad dom.

*M* – An dtig leat ticéad a fháil dom, le do thoil?

*F* – Tá ticéad eile agam agus tabharfaidh mé duit é.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Cad é mar a fuair d'athair an ticéad?

*F* – Is dochtúir é agus cuidíonn sé le himreoirí gortaithe.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Ná cuir lóistín in áirithe mar tá m'aintín Síle ina cónaí i Londain agus thig linn stopadh aici.

*F* – An bhfuil tú cinnte?

*M* – Tá mé. Tá teach mór aici agus beidh áthas uirthi muid a fheiceáil.

*Pause 7 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*M* – An síleann tú go bhfuil seans ag Éirinn sa chomórtas?

*F* – Sílim go bhfuil seans maith acu mar tá an fhoireann láidir.

*M* – Tá an fhoireann láidir.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

2 You hear a conversation.

*M* – Dia duit, a Eithne.

*F* – Dia's Muire duit, a Thomáis. Tá deifir orm. Tá mé ag dul chuig rang sa Chultúrlann.

*M* – Ní raibh a fhios agam go mbíonn ranganna ar siúl sa Chultúrlann.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An dtéann tú ansin gach oíche?

*F* – Ní théim. Téim chuig rang amháin gach seachtain.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An dtéann páistí agus daoine fásta chuig an rang ina bhfuil tú?

*F* – Is rang do dhaoine fásta é. Níl cead ag páistí freastal air.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Rachaidh mise leat.

*F* – Tá brón orm ach ní thig leat teacht liom mar tá an rang lán. Níl áit ar bith fágtha.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

3 You hear a conversation in a shop.

*F* – Ba mhaith liom bronntanas a cheannach do mo mháthair. Ba mhaith liom uaireadóir a cheannach di.

*M* – An bhfuil uaireadóir aici cheana féin?

*F* – Bhí uaireadóir maith aici ach bhris sí é.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Ar mhaith leat uaireadóir airgid nó uaireadóir óir a cheannach?

*F* – Ceann óir, le do thoil.

*M* – Seo ceann deas agus tá sé measartha réasúnta.

*F* – Ceannóidh mé an ceann seo.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – An bhfuil tú cinnte?

*F* – Tá. Ba mhaith liom bronntanas speisialta a thabhairt do mo mháthair mar beidh sí daichead bliain d'aois an tseachtain seo chugainn.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Maith go leor. Cuirfidh mé i mbosca deas duit é.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

4 Úna and Marcus discuss a concert.

*M* – A Úna, cad chuige nach raibh tú ag an cheolchoirm aréir?

*F* – Bhí mé ag iarraidh dul ach níor thug mo mháthair cead dom dul.

*M* – Cad chuige?

*F* – Bhí mo mháthair tinn agus d’iarr sí orm an dinnéar a ullmhú.

*M* – Bhí a lán daoine ann agus thaitin an oíche go mór le gach duine. Bhí sé deas bheith ag ceolchoirm taobh amuigh faoin spéir mar oíche ghalánta a bhí ann.

*F* – Is dócha go raibh atmaisféar ar dóigh ann.

*M* – Bhí, cinnte.

*Pause 7 seconds and repeat*

*M* – Bhí a lán áiseanna ar fáil sa pháirc. Bhí caife beag agus siopa agus leithris ann chomh maith. Cheannaigh mise t-léine ach shíl mé go raibh sé daor go leor. Bhí an bia agus na deochanna sa chaife iontach costasach fosta. Níor cheannaigh mé rud ar bith sa chaife.

*F* – Chuala mé nach raibh na daoine atá ina gcónaí sa cheantar sásta. Dúirt siad go raibh an callán go dona.

*M* – Chuala mé sin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

5 You hear a conversation in a street.

*M* – Gabh mo leithscéal. An bhfuil ionad athchúrsála sa cheantar seo?

*F* – Ionad athchúrsála? Tá, cinnte.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Cá bhfuil an t-ionad?

*F* – Thuas ansin. An bhfeiceann tú an droichead sin?

*M* – Feicim an droichead.

*F* – Gabh chuig an droichead agus tá an t-ionad in aice leis.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Fan bomaite. Níl sé oscailte. Rinne mé dearmad go ndruideann sé don lón.

*M* – Cén t-am é anois?

*F* – Tá sé ceathrú i ndiaidh a haon agus beidh sé oscailte arís ar leath i ndiaidh a haon.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – Fanfaidh mé mar sin. Tá cuisneoir agam sa veain. Cheannaigh mé cuisneoir nua ar maidin agus níor mhaith liom an seancheann a thabhairt ar ais go dtí an teach.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

6 You hear people taking part in a survey about holidays.

*F* – Tá mé ag déanamh suirbhé faoi laethanta saoire. An bhfuil tú sásta cúpla ceist a fhreagairt dom?

*M* – Tá. Is mise Micheál.

*F* – An dtéann tú ar laethanta saoire go minic?

*M* – Téim ar thuras dreapadóireachta le mo chairde ón chlub dreapadóireachta. Is breá liom dul a dhreapadóireacht sna sléibhte.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Tá mé ag déanamh suirbhé faoi laethanta saoire. An bhfuil tú sásta cúpla ceist a fhreagairt dom?

*F* – Tá. Is mise Ciara.

*F* – An dtéann tú ar laethanta saoire go minic?

*F* – Téim. Téim thar lear le mo theaghlach gach samhradh.

*F* – Agus an síleann tú go bhfuil míbhuntáistí ar bith ag baint le dul thar lear?

*F* – Tá míbhuntáistí ann. Uaireanta bíonn an t-eitleán mall. Cuireann sé isteach orm nuair a bhíonn moill ar an eitilt.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – Tá mé ag déanamh suirbhé faoi laethanta saoire. An bhfuil tú sásta cúpla ceist a fhreagairt dom?

*M* – Tá, cinnte. Is mise Ruairí.

*F* – An dtéann tú ar laethanta saoire go minic, a Ruairí?

*M* – Ní théim ar laethanta saoire go minic.

*F* – Cad chuige?

*M* – Is feirmeoir mé agus tá sé deacair duine a fháil le bia a thabhairt do na hainmhithe.

*Pause 9 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*F* – Tá mé ag déanamh suirbhé faoi laethanta saoire. An bhfuil tú sásta cúpla ceist a fhreagairt dom?

*F* – Tá. Is mise Róisín.

*F* – An dtéann tú thar lear sa samhradh?

*F* – De ghnáth, fanaim in Éirinn.

*F* – Cad chuige?

*F* – Sílim gur cheart do dhaoine fanacht in Éirinn agus airgead a chaitheamh sa tír seo le cuidiú leis an eacnamaíocht anseo.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

7 You hear Ciarán and Máirín talking about an event.

*M* – A Mháirín, is deas tú a fheiceáil.

*M* – Cad é atá ar siúl agat?

*F* – Tá mé ag iarraidh tóraíocht taisce a eagrú.

*Pause 9 seconds and repeat*

*F* – B'fhéidir gur mhaith leat páirt a ghlacadh ann? An mbeidh tú saor Lá Fhéile Pádraig?

*M* – Beidh mé saor Lá Fhéile Pádraig. Ba bhreá liom bheith páirteach ann.

*F* – Tá sin go hiontach.

*Pause 9 seconds and repeat*

*M* – An mbeidh a lán daoine ag glacadh páirte san imeacht seo?

*F* – Tá súil agam go mbeidh. Ba mhaith linn airgead a bhailiú le cuidiú le gasúr beag sa cheantar atá tinn.

*M* – Cé hé sín?

*F* – Niall an t-ainm atá air agus tá sé dhá bhliain d'aois. Tá obráid speisialta de dhíth ar Niall. Beidh air dul faoin scian agus beidh sé costasach. Beidh an t-airgead ina chuidiú.

*Pause 9 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

M – An dtig liom rud ar bith a dhéanamh duit?

F – Ar mhaith leat fógraí a dhéanamh dom?

M – Ba mhaith. Cá mhéad fógra ba mhaith leat?

F – Thart faoi fiche, le do thoil.

M – Déanfaidh mé sin duit.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

8 You hear a radio presenter talking about a survey on teenagers.

F – Dia daoibh. Seo an nuacht ar a hocht a chlog.

De réir suirbhé faigheann a lán déagóirí airgead póca óna dtuismitheoirí. Ach ní théann daoine óga an lae inniu chuig na siopaí. Is fearr leo an tsiopadóireacht a dhéanamh ar líne agus caitheann siad uaireanta ag scimeáil ar an idirlíon.

*Pause 9 seconds and repeat*

F – Ar an drochuair ceannaíonn cuid mhaith déagóirí alcól fosta. Tosaíonn a lán déagóirí ag ól nuair nach bhfuil siad ach ceithre bliana déag d'aois.

*Pause 9 seconds and repeat*

F – Léiríonn an suirbhé go mbíonn déagóirí ag ól nuair a bhíonn siad faoi bhrú. Bíonn cuid mhór déagóirí ag ól faoi aois agus deir dochtúirí go mbeidh fadhbanna sláinte acu sa todhchaí.

*Pause 9 seconds and repeat*

F – Is léir ón tsuirbhé nach labhraíonn tuismitheoirí lena bpáistí faoi fhadhb an alcóil. Síleann dochtúirí gur chóir do mhuinteoirí níos mó eolais a thabhairt do dhéagóirí faoi na contúirtí a bhaineann le halcól.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

9 You hear Pádraig talking to the careers teacher.

F – An bhfuil a fhios agat cad é ba mhaith leat a dhéanamh ar an bhliain seo chugainn?

M – Níl a fhios agam. Níl rud ar bith socraithe agam go fóill ach tá mé cinnte nach mbeidh mé ag teacht ar ais ar scoil.

F – Tá brón orm sin a chloisteáil.

M – Ní thaitníonn an saol scoile liom ar chor ar bith. Sílim nach bhfuil an obair suimiúil.

*Pause 9 seconds and repeat*

F – An dtuigeann tú an obair?

M – Tuigim an chuid is mó den obair ach uaireanta ní thig liom na freagraí uilig a fháil agus tosnaíonn na scoláirí eile ag gáire.

*Pause 9 seconds and repeat*

F – An bhfuil cairde agat?

M – Tá cara amháin agam i rang eile. Síle an t-ainm atá uirthi. Cuidíonn sí liom nuair a bhíonn an obair deacair. Is cara maith í.

*Pause 9 seconds and repeat*

F – An réitíonn tú go maith leis na múinteoirí?

M – Ní réitím go rómhaith leo. Tugann na múinteoirí barraíocht obair baile dúinn agus ní dhéanaim é. Ní bhíonn siad sásta agus ansin bím ag argóint leis na múinteoirí.

*Pause 9 seconds and repeat*

F – An bhfuil post páirt-aimseartha agat?

M – Tá. Bím ag obair i dteach tábhairne ag an deireadh seachtaine. Réitím go maith leis na custaiméirí ach, ar an drochuair, níl an pá ard go leor.

*Pause 9 seconds and repeat*

www.xtrapapers.com

*F* – Is léir nach bhfuil tú sásta ar scoil.

*M* – Níl. B'fhearr liom bheith amuigh ag obair. Ba mhaith liom a bheith i mo thógálaí ach deir mo thuismitheoirí go bhfuil sé deacair printíseacht a fháil.

*F* – Tá an ceart acu ach gheobhaidh mé agallamh duit le tógálaí sa cheantar.

*M* – Go raibh maith agat.

*F* – Beidh mé i dteagmháil leat.

*Pause 9 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

This is the end of the recording.

www.xtrapapers.com